snasTV
NUACHT TG 4

Garth Brooks

Meánleibhéal 2 (B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin réalta ceoil tíre Garth Brooks, a bhfuil sraith ceolchoirmeacha fógartha aige in Éirinn don bhliain seo chugainn. Pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Cén sórt ceoil a thaitníonn leat? An dtaitníonn an ceol céanna leat anois agus a thaitin leat deich mbliana ó shin?
2. Tá an-tóir ar cheol tíre in Éirinn, go háirithe faoin tuath. Cén fáth, dar leat?
3. Tháinig ceol tíre Mheiriceá chun cinn i measc imirceach ón Eoraip, na hÉireannaigh ina measc. Cén tionchar a bhí ag na himircigh sin ar cheol Mheiriceá, dar leat?
4. Cad is brí le 'Country and Irish'? An bhfuil sé difriúil le ceol tíre Mheiriceá?
5. Ar fhreastail tú riamh ar cheolchoirm mhór? An bhfuil praghsanna ticéad ró-ard sa lá atá inniu ann?



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.


a) *renowned, famous*	
b) *planned, scheduled*	
c) *very taken with*	
d) *taking to (the stage)*	
e) *it is estimated*	
f) *packed, full to the brim*	
g) *to cancel something*	
h) *there has been a rise in*	
i) *charging (a price)*	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? _____

3. Cén Ghaeilge a d'fhéadfadh duine de na cainteoirí sa mhír a úsáid in áit na bhfocal Béarla seo?

Béarla	**Gaeilge**
so *waiting list* *but* *demand* *I suppose*	

4. Scríobh ainm gach cathrach in aice leis an uimhir cheart ar an léarscáil. Cén chathair nach mbeidh Garth Brooks ag seinm inti an uair seo? An bhfuil a fhios agat cad a tharla ansin in 2014?



1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Luaigh trí phíosa eolais a thugann Eimear Ní Chonaola dúinn faoi na ceolchoirmeacha.

2. Cén fáth a dtaitníonn Garth Brooks le daoine, dar le Jó Ní Chéide?

3. Cé mhéad duine a mheastar a bheidh i láthair gach oíche i Staid an Phiarsaigh?

A. Breis is 13,000
B. Breis is 30,000
C. Breis is 50,000

4. Cén tionchar atá ag na ceolchoirmeacha ar óstáin na Gaillimhe cheana féin?

5. Cén fáth a bhfuil an dá óstán sa bhaile mór lán freisin, dar le Peggy?

A. Is féidir bus a fháil go dtí an cheolchoirm ón mbaile mór.
B. Tá siad níos saoire ná óstáin na cathrach.
C. Chuir lucht eagraithe na ceolchoirme in áirithe iad.

6. Cad a cheapann Peggy a tharlóidh nuair a rachaidh na ticéid ar díol?

7. Tá Óstán Bhóthar na Trá ag gearradh níos mó ná €500 ar sheomra.

A. Fíor
B. Bréagach
C. Ní deirtear

8. Cad a deir Patrick Mac Fhionnlaoich faoin uair dheireanach a sheinn Garth Brooks in Éirinn?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An tuiseal ginideach uatha)

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

a) Féachaigí ar na frásaí thíos ón mír. Cad é foirm an ainmnigh de na focail atá i gcló trom? Tá an chéad cheann déanta.

Frása sa mhír	An t-ainmneach
amhránaí **ceoil tíre**	*ceol tíre*
lucht leanúna **an cheoil tíre**	
ag líonadh **an aeir**	
Staid **an Phiarsaigh**	
go hoileán **na hÉireann**	
praghsanna **lóistín**	

b) Seo línte ó **Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir** le Tadhg Mac Dhonnagáin. Cuirigí na focail idir lúibíní sa tuiseal ginideach. Tá an chéad cheann déanta. Bígí cúramach: tá ceann amháin ann nach n-athraíonn!

Líne ón amhrán	Sa tuiseal ginideach
Tar trasna (an pháirc mhór) chugam	*Tar trasna na páirce móire chugam*
Tar trasna (an tsráid chaol) chugam	
Tar trasna (an fharraige gharbh) chugam	
Tar trasna (an leabharlann chiúin) chugam	
Tar trasna (an charraig dhubh) chugam	
Tar trasna (an líomanáid bhán) chugam	
Tá mé ag siúl (an bóthar uaigneach seo)	
Tá mé anseo i dtóin (an teach)	
Ar rangabháil (an deacracht)	
Murach a cuid (gramadach)	
Ag cuartú (bean Ghaelach) i ngach aon áit	

c) Éistigí leis an amhrán anois agus seiceálaigí bhur bhfreagraí. Cad iad na samplaí eile den ghinideach a chloiseann sibh san amhrán?

_____

E: CUMARSÁID

1: Caint – Ceol tíre

Bígí ag obair i ngrúpaí agus tugaigí faoi na gníomhaíochtaí thíos:

a) **Éistigí arís!** Éistigí le *Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir* arís agus pléigí na ceisteanna seo:

- Cén sórt mná atá á lorg ag an nGaeilgeoir mór? Cén fáth nár phós sé an cailín a raibh sé i ngrá léi?
- Cad iad na téamaí ceoil tíre a chloiseann sibh san amhrán?
- Conas a bhaineann Tadhg úsáid as an ngreann san amhrán? Ar thaitin sé libh?

b) **Téamaí an cheoil tíre:** Pléigí na ceisteanna seo le chéile.

- Cad iad na téamaí is coitianta i gceol tíre?
- Cén fáth a dtaitníonn na téamaí sin leis an lucht éisteachta in Éirinn, dar libh?
- An bhfuil cur amach agaibh ar aon amhrán tíre eile i nGaeilge nó ar chlár ar nós *Glór Tíre* ar TG4?

c) **Bhur dtéamaí féin:** Anois, smaoinígí ar théamaí d'amhrán tíre de bhur gcuid féin. Bígí cruthaitheach (m.sh. an madra a d'imigh, an tarracóir briste, an aimsir in Éirinn …)! Cumaigí an curfá le chéile.



2: Scríobh – Cum d'amhrán tíre féin!

Roghnaigh ceann de na téamaí a phléigh sibh in **1(c)** agus scríobh an chéad véarsa agus an curfá d'amhrán tíre. Cuir na nithe seo san áireamh:

- teideal sa tuiseal ginideach (m.sh. *Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir*)
- curfá atá éasca le canadh arís is arís eile
- rím nó comhfhuaim ag deireadh na línte (*croí / oíche*; *bóthar / fómhar*; *grá / lá*)
- mothúcháin láidre: grá, cumha, briseadh croí, greann

AN TRAS-SCRÍBHINN

Eimear Ní Chonaola
Tá an t-amhránaí ceoil tíre, Garth Brooks, le filleadh ar Éirinn an bhliain seo chugainn. Tá deich gcinn de cheolchoirmeacha fógartha aige do chúig chathair: Béal Feirste, Gaillimh, Cill Chainnigh, Luimneach agus Corcaigh i mí Bealtaine agus mí an Mheithimh seo chugainn.

Patrick Mac Fhionnlaoich
Callin' Baton Rouge. Tá an ceoltóir mór le rá, Garth Brooks, ag déanamh a bhealaigh ar ais go hoileán na hÉireann an bhliain seo chugainn agus deich gceolchoirm fógartha aige. Beidh sé ag seinm deich gceolchoirm i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh seo chugainn agus dhá cheolchoirm beartaithe aige i ngach ceann. Ina measc tá Béal Feirste, Gaillimh, Cill Chainnigh, Luimneach agus Corcaigh.

Jó Ní Chéide, Láithreoir 'An Bóthar go Nashville' ar Raidió na Gaeltachta
Tá chuile[1] aoisghrúpa an-tógtha le Garth Brooks, ón dream óg go dtí an dream aosta, agus rud atá speisialta faoi ná go dtuigeann sé céard atá uainn. Tuigeann sé céard atá ó lucht leanúna an cheoil tíre.

Patrick Mac Fhionnlaoich
Is anseo i Staid an Phiarsaigh a bheas[2] an fear mór le rá ag tabhairt aghaidh ar an ardán ar feadh dhá oíche ag deireadh mhí na Bealtaine 2027. Meastar go mbeidh níos mó ná 30,000 duine i láthair achan[3] oíche agus gan dabht beidh an lucht leanúna ag líonadh an aeir lena chuid amhrán ar nós *The River* agus – gan amhras ar bith – *Friends in Low Places*. Ó fógraíodh na dátaí ar maidin, tá óstáin ar fud chathair na Gaillimhe lán go béal cheana féin.

Peggy Ní Mhaoilchiaráin, Óstán Bhóthar na Trá
Nuair a tháinig mise isteach ar maidin thosaigh an fón ag ringeáil[4] an t-am sin. *So* b'fhéidir, faoi cheann timpeall a deich, a haon déag, bhí an t-óstán lán agus an dá óstán sa mbaile mór[5], iad féin lán mar gheall ar…tá sé, níl sé, tá tú in ann bus a fháil. Is dócha go mbeidh *waiting list* ar bun *but* … tá a fhios agat féin, má fhaigheann na daoine, b'fhéidir nach mbeadh na ticéid … nuair a ghabhfas[6] na ticéid suas beidh *demand* mór uathu. *So I suppose* ansin ceapaim mura ngeobhaidh[7] daoine iad, beidh siad ag cur ceal ar[8] na seomraí.

Patrick Mac Fhionnlaoich
Tá ardú tagtha ar phraghsanna lóistín sa chathair chomh maith agus tá roinnt óstán anois ag gearradh níos mó ná €500 ar sheomra ar feadh oíche amháin. Ba i mí Mheán Fómhair 2022 a sheinn sé in Éirinn an uair dheireanach nuair a bhí cúig cheolchoirm aige i bPáirc an Chrócaigh.

Cuirfear na ticéid do na ceolchoirmeacha ar fad ar díol Déardaoin seo chugainn ag a hocht a chlog ar maidin.

Patrick Mac Fhionnlaoich, Nuacht TG4.

---

[1] chuile = leagan canúnach de 'gach uile'
[2] a bheas = 'a bheidh'
[3] achan = leagan canúnach de 'gach'
[4] ag ringeáil = ag bualadh (fón)
[5] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.
[6] a ghabhfas = 'a ghabhfaidh'
[7] mura ngeobhaidh = mura bhfaighidh
[8] ag cur ceal ar na seomraí: = 'ag cur na seomraí ar ceal'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

Ceist 3: Tá fréamhacha cheol tíre Mheiriceá i gceol na n-imirceach ó Éirinn, ó Albain agus ó Shasana a chuir fúthu i sléibhte Appalachia: na bailéid agus na poirt fidle, measctha le ceol na Meiriceánach Afracach (an bainseó, na gormacha). Ceist 4: Is stíl é *Country and Irish* a mheascann ceol tíre Mheiriceá le hamhráin agus le téamaí Éireannacha (an baile, an imirce, caidrimh). Tháinig sé chun cinn le linn ré na mbannaí seó sna 1960idí agus sna 1970idí. Is féidir leo amhránaithe ar nós Big Tom, Philomena Begley, Daniel O'Donnell nó Nathan Carter a phlé.

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

a) *renowned, famous*	mór le rá
b) *planned, scheduled*	beartaithe
c) *very taken with*	an-tógtha le
d) *taking to (the stage)*	ag tabhairt aghaidh ar (an ardán)
e) *it is estimated*	meastar
f) *packed, full to the brim*	lán go béal
g) *to cancel something*	rud a chur ar ceal
h) *there has been a rise in*	tá ardú tagtha ar
i) *charging (a price)*	ag gearradh … ar

Is féidir na focail a phlé tar éis na chéad féachana. Ciallaíonn **gearradh** *cutting,* de ghnáth, ach sa chomhthéacs seo agus leis an réamhfhocal simplí 'ar' (**ag gearradh níos mó ná €500 ar sheomra**) ciallaíonn sé *charging*.

2. Pléigh na focail a bhí acu féin agus déan comparáid idir na focail sin agus na focail a chuala siad sa mhír.
3. Freagraí:

Béarla	Gaeilge
so	mar sin / bhuel
waiting list	liosta feithimh
but	ach
demand	éileamh
I suppose	is dócha / is dóigh liom

Is minic a úsáideann cainteoirí dúchais Gaeilge focail Bhéarla ina gcuid cainte (códmhalartú), go háirithe i gcaint neamhfhoirmiúil. Pléigh an coincheap sin leo.

4. Freagraí: **1** Corcaigh, **2** Béal Feirste, **3** Luimneach, **4** Baile Átha Cliath, **5** Gaillimh, **6** Cill Chainnigh. Ní bheidh sé ag seinm i mBaile Átha Cliath an uair seo. In 2014, bhí cúig cheolchoirm beartaithe aige i bPáirc an Chrócaigh ach cuireadh ar ceal iad ar fad nuair nár ceadaíodh ach trí cinn acu. Sheinn sé cúig cheolchoirm ann, ar deireadh, in 2022.

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Luaigh trí phíosa eolais a thugann Eimear Ní Chonaola dúinn faoi na ceolchoirmeacha.
Deich gceolchoirm; i gcúig chathair (Béal Feirste, Gaillimh, Cill Chainnigh, Luimneach agus Corcaigh); i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh seo chugainn.
2. Cén fáth a dtaitníonn Garth Brooks le daoine, dar le Jó Ní Chéide?
Taitníonn sé le gach aoisghrúpa, ón dream óg go dtí an dream aosta, mar go dtuigeann sé cad atá ó lucht leanúna an cheoil tíre.
3. Cé mhéad duine a mheastar a bheidh i láthair gach oíche i Staid an Phiarsaigh?
B
4. Cén tionchar atá ag na ceolchoirmeacha ar óstáin na Gaillimhe cheana féin?
Tá óstáin ar fud na cathrach lán go béal cheana féin agus tá ardú tagtha ar phraghsanna lóistín: tá roinnt óstán ag gearradh níos mó ná €500 ar sheomra ar feadh oíche amháin.
5. Cén fáth a bhfuil an dá óstán sa bhaile mór lán freisin, dar le Peggy?
A
6. Cad a cheapann Peggy a tharlóidh nuair a rachaidh na ticéid ar díol?
Beidh éileamh mór ar na ticéid agus b'fhéidir go mbeidh liosta feithimh ann. Mura bhfaighidh daoine ticéid, cuirfidh siad na seomraí ar ceal.
7. Tá Óstán Bhóthar na Trá ag gearradh níos mó ná €500 ar sheomra.
C
8. Cad a deir Patrick Mac Fhionnlaoich faoin uair dheireanach a sheinn Garth Brooks in Éirinn?
Sheinn sé in Éirinn an uair dheireanach i mí Mheán Fómhair 2022, nuair a bhí cúig cheolchoirm aige i bPáirc an Chrócaigh.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An tuiseal ginideach uatha)

a) Freagraí:

Frása sa mhír	An t-ainmneach
amhránaí **ceoil tíre**	*ceol tíre*
lucht leanúna **an cheoil tíre**	*an ceol tíre*
ag líonadh **an aeir**	*an t-aer*
Staid **an Phiarsaigh**	*an Piarsach*
go hoileán **na hÉireann**	*Éire*
praghsanna **lóistín**	*lóistín*

b) Freagraí:

Líne ón amhrán	Sa tuiseal ginideach
Tar trasna (an pháirc mhór) chugam	*Tar trasna na páirce móire chugam*
Tar trasna (an tsráid chaol) chugam	*Tar trasna na sráide caoile chugam*
Tar trasna (an fharraige gharbh) chugam	*Tar trasna na farraige gairbhe chugam*
Tar trasna (an leabharlann chiúin) chugam	*Tar trasna na leabharlainne ciúine chugam*
Tar trasna (an charraig dhubh) chugam	*Tar trasna na carraige duibhe chugam*
Tar trasna (an líomanáid bhán) chugam	*Tar trasna na líomanáide báine chugam*
Tá mé ag siúl (an bóthar uaigneach seo)	*Tá mé ag siúl an bhóthair uaignigh seo*
Tá mé anseo i dtóin (an teach)	*Tá mé anseo i dtóin an tí*
Ar rangabháil (an deacracht)	*Ar rangabháil na deacrachta*
Murach a cuid (gramadach)	*Murach a cuid gramadaí*
Ag cuartú (bean Ghaelach) i ngach aon áit	*Ag cuartú bean Ghaelach i ngach aon áit*

Ag cuartú bean Ghaelach: de réir an Chaighdeáin Oifigiúil (2017), ní chuirtear ainmfhocal éiginnte a bhfuil aidiacht ina dhiaidh sa ghinideach i ndiaidh ainm briathartha. Fanann **bean Ghaelach** mar atá.

c) Samplaí eile san amhrán: **ag siúl na sráide**, **ar fud an tí**, **cúrsaí gramadaí**. Is sampla den ghinideach iolra é **graiméar na mBráithre Críostaí** (urú i ndiaidh **na**).

Is féidir éisteacht leis an amhrán anseo (https://www.youtube.com/watch?v=1oVccFlEpxc).
Is féidir na focail a fháil anseo (https://una.ie/amhran-an-ghaeilgeora-mhoir/).

E: CUMARSÁID

1: Caint

a) Tá an Gaeilgeoir mór ag lorg bean a thuigeann an ghramadach: an tuiseal ginideach; an tuiseal tabharthach; na díochlaontaí; agus an briathar saor. Bhí sé i ngrá le cailín tráth agus bheidís pósta murach a cuid gramadaí! Téamaí: grá; briseadh croí; an bóthar uaigneach; an pósadh agus an teaghlach; agus an Ghaeilge féin. Baineann Tadhg spraoi as Gaeilgeoirí a bhíonn an-dian faoin ngramadach.

b) Tabhair tamall dóibh na ceisteanna a phlé ina ngrúpaí sula bpléifidh tusa iad leis an rang iomlán. Comórtas tallainne ceoil tíre is ea *Glór Tíre*, atá ar TG4 ó thús na 2000idí.

c) Spreag iad le bheith chomh cruthaitheach (agus chomh craiceáilte) agus is mian leo. Is féidir téama ar bith a úsáid! Cumfaidh siad an curfá le chéile anseo. Seachain téamaí íogaire agus conspóideacha mar sin féin.

2: Scríobh

Abair leo an ginideach a úsáid i dteideal an amhráin. Amhrán samplach:

Amhrán an Rothair Leictrigh
Véarsa 1
Fuair mé rothar leictreach, é chomh gorm leis an spéir,
Is d'imigh mé síos an cnoc agus mo chuid cos san aer,
Ach tháinig cúinne géar nach raibh mé ag súil leis,
Isteach liom sa díog, gan choscán, gan deis!

Curfá
Ó, a rothair leictrigh, a stór mo chroí,
Is tusa an rothar is sciobtha sa tír,
Tá mo ghlúine scríobtha is tá mo cheann tinn,
Ach rachaidh mé ag rothaíocht leat arís is arís.